C/2025/6098

12.11.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6098)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Nahegauer Landwein'

Uimhir thagartha AE: PGI-DE-A1293-AM02 — 22.8.2025

1. **Ainm an táirge**

'Nahegauer Landwein'

2. Cineál an táisc gheografaigh

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Ghearmáin

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Cónaidhme Talmhaíochta, Bia agus Aitheantais Réigiúnaí [Bundesministerium für Landwirtschaft, Ernährung und Heimat]

Ainm

An Oifig Cónaidhme Talmhaíochta agus Bia (Bundesanstalt für Landwirtschaft und Ernährung)

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Gearmáine go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge de réir an tsainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar TGFC 'Nahegauer Landwein' aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais is é sin:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Gearmáine dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach atá an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta

Tuairisc

Leis na dálaí anailíseacha, beidh an neart alcóil nádúrtha de réir toirte tar éis an tsaibhrithe cothrom le 12,5 % amach anseo i gcás fíon dearg.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Limistéar geografach sainithe

Tuairisc

Áirítear na dáileachtaí talún seo a leanas i gcríochú TGFC 'Nahegauer Landwein':

Ceantar	Uimhir an Cheantair	Dáileacht talún	Uimhreoir	Ainmneoir
Bad Kreuznach	1942	40	9	0
Bad Kreuznach	1942	40	69	0
Bad Kreuznach	1942	41	15	0
Bad Kreuznach	1942	41	42	2
Bad Kreuznach	1942	41	37	1
Bad Kreuznach	1942	41	85	7
Bad Kreuznach	1942	41	86	3
Bad Kreuznach	1942	87	32	0
Bad Kreuznach	1942	91	9	0
Bretzenheim	1928	18	23	0
Bretzenheim	1928	18	24	0
Bretzenheim	1928	18	73	0
Bretzenheim	1928	19	2	0
Bretzenheim	1928	19	20	0
Bretzenheim	1928	22	117	0
Hargesheim	2008	2	154	0
Hargesheim	2008	2	155	0
Hargesheim	2008	2	156	0
Hargesheim	2008	8	67	0
Langenlonsheim	1924	10	163	0
Langenlonsheim	1924	11	101	0

Ceantar	Uimhir an Cheantair	Dáileacht talún	Uimhreoir	Ainmneoir
Langenlonsheim	1924	12	10	0
Langenlonsheim	1924	12	11	0
Langenlonsheim	1924	12	12	0
Langenlonsheim	1924	12	13	0
Langenlonsheim	1924	12	109	0
Langenlonsheim	1924	13	60	0
Langenlonsheim	1924	14	48	0
Langenlonsheim	1924	14	103	1
Langenlonsheim	1924	15	5	0
Langenlonsheim	1924	16	181	1
Langenlonsheim	1924	23	47	0
Langenlonsheim	1924	23	276	0
Langenlonsheim	1924	23	277	0
Langenlonsheim	1924	23	336	1
Langenlonsheim	1924	23	339	0
Langenlonsheim	1924	23	340	0
Langenlonsheim	1924	24	145	1
Langenlonsheim	1924	24	212	0
Mandel	2006	2	56	0
Mandel	2006	7	21	0
Mandel	2006	11	277	0
Mandel	2006	12	44	0
Mandel	2006	13	160	2
Mandel	2006	13	161	2
Mandel	2006	13	162	0
Mandel	2006	14	168	0
Monzingen	2041	26	203	0
Monzingen	2041	26	204	0
Monzingen	2041	27	281	0
Monzingen	2041	27	385	0
Monzingen	2041	27	391	0
Monzingen	2041	27	392	0
Monzingen	2041	27	394	0
Monzingen	2041	27	395	0
Monzingen	2041	27	396	0
Monzingen	2041	27	403	1
Monzingen	2041	27	403	2
Monzingen	2041	27	404	0
Monzingen	2041	27	426	0
Monzingen	2041	27	428	0

Ceantar	Uimhir an Cheantair	Dáileacht talún	Uimhreoir	Ainmneoir
Monzingen	2041	27	429	0
Monzingen	2041	27	435	0
Monzingen	2041	27	436	0
Monzingen	2041	27	437	0
Monzingen	2041	27	442	0
Monzingen	2041	27	443	0
Monzingen	2041	27	446	0
Monzingen	2041	27	447	0
Monzingen	2041	27	452	0
Münster-Sarmsheim	3512	14	45	1
Niederhausen	1984	1	113	0
Nußbaum	2042	8	386	0
Waldböckelheim	2000	23	267	0
Waldböckelheim	2000	31	269	0
Waldböckelheim	2000	31	271	0
Waldböckelheim	2000	42	28	4
Waldböckelheim	2000	44	21	0
Waldlaubersheim	1911	7	1	15
Windesheim	1925	5	40	0

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Cineálacha fíonchaor

Tuairisc

Cuireadh na cineálacha fíonchaor seo a leanas isteach:

Cineálacha fíniúna dearga:

Malbec, Pinot Nova

Ceartaíodh earráidí i litriú cineálacha áirithe freisin agus glacadh le hathruithe ainm.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Údaráis rialaithe

Tuairisc

Baineadh na húdaráis rialaithe agus a gcúraimí den tsonraíocht táirge agus liostaítear iad i ndoiciméad ar leithligh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Nahegauer Landwein’

Uimhir thagartha AE: PGI-DE-A1293-AM02 — 22.8.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Nahegauer Landwein

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Ghearmáin

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

(1) Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíon, geal

Airíonna orgánaileipteacha

Cuma

Ag brath ar thosca éagsúla a mbíonn tionchar acu, bíonn idir buí éadrom, agus imireacha glasa ann, glasbhuí, buí ar dhath na tuí agus buí órga i raon dathanna na bhfíonta geala go hiondúil. Ag brath ar an gcineál fíniúna, d’fhéadfadh toin beagán dearg a bheith orthu freisin.

Go sonrach, is féidir dath oráiste a bheith ar fhíonta geala brúchoipthe, mar aon le himireacha dearga agus donna.

Dea-bholadh

Ag brath ar an gcineál fíniúna, bíonn cumhracht ar an fíonta geala a chuirfeadh dea-bholaithe príomha torthaí (coimhthíocha), fiú torthaí triomaithe uaireanta, ach bolaithe bláthacha, dea-bholaithe spíosracha nó féarúla, dea-bholaithe plandaí ag a bhfuil bolaithe mianra (e.g. slinn) i gcuimhne go príomha. D’fhéadfadh ruainníní ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha de dhéine fíneáilte go déine measartha a bheith ann d’aon ghnó.

Blas

Bíonn blas na bhfíonta geala go hiondúil idir éadrom, fíneáilte, úr, bríomhar agus sárbhlianta cumhachtacha iomlána acu ar a bhfuil ruainníní fíneáilte tósta agus fíonta casta ag a bhfuil coibhneas cothrom siúcra agus aigéadachta. Tríd is tríd, is saintréithe de chuid na bhfíonta iad aigéadacht úr agus mianracht.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

D'fhéadfadh modarthacht chobhsaí a bheith sna fíonta geala nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shonraíoch (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó atá ann mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Féadfar an neart alcóil nádúrtha, trí shaibhriú, a mhéadú go neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 %.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 6,0 % de réir toirte agus 50° Oechsle.

Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, dearg

Airíonna orgánaileipteacha

Cuma

Ag brath ar chineál na fíniúna agus ar na hoibríochtaí siléir, go hiondúil bíonn idir dath dearg éadrom go dath dearg an rúibín agus dearg an ghairnéid go dúdhearg ar na fíonta, ina mbíonn imireacha gorma, corcairghorma agus donna go minic.

Dea-bholadh

Ag brath ar an gcineál fíniúna agus ar na hoibríochtaí siléir, bíonn dea-bholaithe torthaíocha ar na fíonta dearga a chuireann silíní, caora dearga nó dubha, cuirín dubh nó (uaireanta) torthaí triomaithe i gcuimhne.

Blas

Is gnách go mbíonn aigéadacht idir bog agus sonraíoch ag fíonta ag a bhfuil tathag measartha chomh maith le struchtúr discréideach tainnine, agus blas torthaíoch láidir. Bíonn dea-bholaithe dlútha caor dearg nó dubh ar fhíonta tathagacha agus d'fhéadfadh dea-bholaithe spíosracha agus deataigh a bheith orthu. Is gnách go mbíonn struchtúr aigéid níos boige ach tainniní láidre ag na fíonta seo, rud a thugann struchtúr maith agus cáilíochtaí coinneála maithe dóibh.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

D'fhéadfadh modarthacht chobhsaí a bheith sna fíonta nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shonraíoch (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó atá ann mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-

Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Féadfar an neart alcóil nádúrtha, trí shaibhriú, a mhéadú go neart alcóil iomlán de réir toirte de 12,5 %.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 6,0 % de réir toirte agus 50° Oechsle.

Ní mór an meachan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, rosé agus Blanc de Noir

Airíonna orgánaileipteacha

Cuma

Go hiondúil bíonn dath bándearg fíneálta go dearg éadrom nó dearg geal ar fhíona *rosé* ach dath an fhíona ghil a bhíonn ar fhíonta Blanc de Noir. D'fhéadfadh modarthacht chobhsaí a bheith sna fíonta nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shonraíoch (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó atá ann mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Dea-bholadh

Ós rud é go bhforbraítear na húrfhíonta ar an mbealach céanna le fíon geal, bíonn dea-bholadh torthaíoch agus úr orthu a chuireann torthaí agus caora dearga nó buí éadrom i gcuimhne.

Blas

Is é an difríocht idir fíonta rosé agus fíonta dearga go mbíonn na fíonta rosé úr go hiondúil agus bíonn neart alcóil níos measartha agus cion tainnin níos ísle iontu. De ghnáth bíonn struchtúr fíneáilte go struchtúr iomlán ar na fíonta sin, agus blas orthu arb í aigéadacht bhríomhar mhín go húr is saintréith dóibh.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

D'fhéadfadh modarthacht chobhsaí a bheith sna fíonta nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shonraíoch (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó atá ann mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Féadfar an neart alcóil nádúrtha, trí shaibhriú, a mhéadú go neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 %.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 6,0 % de réir toirte agus 50° Oechsle.

Ní mór an meachan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, Rotling

Airíonna orgánaileipteacha

Cuma don tsúil

Bíonn dath dearg éadrom idir éadrom agus dian ar na fíonta sin de ghnáth.

Dea-bholadh

Tá saintréithe fhíonta Rotling gar do na saintréithe a thuairiscítear le haghaidh fíonta rosé. Bíonn a ndea-bholaithe torthaíoch go príomha, agus beagán spíosrach uaireanta, le bolaithe caor, torthaí póma agus torthaí citris.

Blas

Bíonn blas idir éadrom agus saibhir agus struchtúr aigéid úir ar fhíonta Rotling de ghnáth.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

D'fhéadfadh modarthacht chobhsaí a bheith sna fíonta nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shonraíoch (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó atá ann mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Féadfar an neart alcóil nádúrtha, trí shaibhriú, a mhéadú go neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 %.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 6,0 % de réir toirte agus 50° Oechsle.

Ní mór an meachan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

-

Ní bhaineann le hábhar

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Gach táirge

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	150
Aonad uastáirgeachta:	Heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Perle

— Sauvignac

— Kernling

— Gm 6414-39

— Regent

— Gm 7838-1

— Bacchus

— Phoenix - Phönix

— Satin Noir

— Chardonnay

— Cabernet Jura

— Gm 7519-3

— Sauvitage

— Grüner Silvaner - Silvaner, Sylvaner

— Staufer

— Roter Riesling

— Saphira

— Monarch

— Merlot

— Osteiner

— Pinotin

— Würzer

— Ehrenfelser

— Acolon

— Accent

— Cabernet Cubin

— Schönburger

— Gm 7519-1

— Johanniter

— Hölder

— Regner
— Juwel
— Neronet
— Reichensteiner
— Orion
— Thurling
— Muskat Ottonel - Muskat-Ottonel
— Cabernet Dorio
— Cabaret Noir
— Vidoc
— Cabernet Dorsa
— Donauriesling
— Muscaris
— Gm 7816-7
— Rieslaner
— Kanzler
— Hegel
— Sauvignon Gris
— Calardis Blanc
— Cabernet Mitos
— Grüner Veltliner - Veltliner
— Pamina
— Freisamer
— Laurot
— Kerner
— Scheurebe
— Rondo
— Aromera
— Cabernet Blanc
— Ortlieber
— Divico
— Bronner
— Septimer
— Hibernal
— Albalonga

— Schwarzblauer Riesling

— Artaban

— Cabernet Franc

— Gamay noir

— Blauer Silvaner

— Divona

— Cabernet Cortis

— Blütenmuskateller

— Domina

— Cabernet Carbon

— Souvignier Gris

— Optima 113 - Optima

— Solaris

— Gm 6423-12

— Calardis Musqué

— Cabertin

— Cabernet Cantor

— VB 91-26-5

— Weißer Elbling - Elbling, Kleinberger

— Gm 7520-1

— Soreli

— Gm 7539-4

— Palas

— Cabernet Sauvignon

— Dunkelfelder

— Deckrot

— Sibera

— Chenin Blanc

— Rotberger

— Ortega

— Huxelrebe - Huxel

— Floreal

— Comtessa

— Gelber Kleinberger

— Dornfelder

— Gm 6423-7

— Prinzipal

— Gm 7517-29

— Dakapo

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Maidir le táirgí a bhfuil sé ceadaithe an tásc geografach faoi chosaint 'Nahegauer Landwein' a bheith orthu, ní mór go dtiocfaidís ó fhíonghoirt atá suite sna bardais agus sna ceantair seo a leanas:

Alsenz (4597), Altenbamberg (1978), Auen (2037), Bad Kreuznach (Bad Kreuznach (1942), Bad Münster a. Stein (1976), Bosenheim (1943), Ebernburg (1977), Ippesheim (1945), Planig (1944), Winzenheim (1941)), Bad Sobernheim (Sobernheim (2043)), Bärweiler (2047), Bayerfeld-Steckweiler (4625), Becherbach bei Kirn (2088), Bingen am Rhein (Bingerbrueck (3521)), Bockenau (2003), Boos bei Bad Kreuznach (2001), Braunweiler (2014), Breitenheim (2073), Bretzenheim (1928), Burgsponheim (2004), Callbach (2063), Dalberg (2016), Desloch (2072), Dielkirchen (Dielkirchen (4623), Steingruben (4624)), Dorsheim (1922), Duchroth (1982), Eckenroth (1909), Feilbingert (1980), Finkenbach-Gersweiler (4606), Gaugrehweiler (4596), Gerbach (4627), Guldental (Heddesheim (1927), Waldhilbersheim (1926)), Gutenberg (2009), Hargesheim (2008), Hergenfeld (2010), Hochstätten (1979), Hohenöllen (4683), Hüffelsheim (1997), Kalkofen (4593), Kirschroth (2046), Langenlonsheim (1924), Langenthal (2038), Laubenheim (1923), Lauschied (2048), Lettweiler (2061), Mandel (2006), Mannweiler-Cölln (Cölln (4600), Mannweiler (4599)), Martinstein (2051), Meddersheim (2044), Meisenheim (2069), Merxheim (2045), Monzingen (2041), Münsterappel (4594), Münster-Sarmsheim (3512), Niederhausen (1984), Niederhausen an der Appel (4591), Niedermoschel (4603), Norheim (1985), Nussbaum (2042), Oberhausen an der Appel (4595), Oberhausen an der Nahe (1983), Obermoschel (4604), Oberndorf (4598), Oberstreit (2002), Odernheim am Glan (2050), Offenbach-Hundheim (Offenbach (4701)), Raumbach (2070), Rehborn (2062), Rockenhausen (4631), Roth bei Bad Kreuznach (1906), Roxheim (2007), Rüdesheim (1996), Rümmelsheim (1921), Sankt Katharinen (2013), Schloßböckelheim (1999), Schöneberg bei Bad Kreuznach (1908), Schweppenhausen (1910), Simmertal (2096), Sommerloch (2012), Spabrücken (2017), Sponheim (2005), Staudernheim (2049), Stromberg (1907), Traisen (1986), Unkenbach (4605), Waldalgesheim (Genheim (3511)), Waldböckelheim (2000), Waldlaubersheim (1911), Wallhausen (2011), Warmsroth (Wald-Erbach (1905), Warmsroth (1904)), Weiler bei Bingen (3509), Weiler bei Monzingen (2040), Weinsheim bei Bad Kreuznach (1998), Windesheim (1925), Winterborn (4592), Wolfstein (4658).

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta talún. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas réigiún táirgeachta Landwein inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear ar an lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát cónaidhme céanna nó i stát cónaidhme máguaird.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar

☐ Clú

☑ Cáilíocht áirithe

☑ Saintréith eile

Catagóirí na táirge fíniúna

(1) Fíon

Achoimre ar an nasc

I dtéarmaí simplithe tá an limistéar fíonsaothrúcháin suite i dtriantán idir na bailte Bingen, Alsenz agus Monzingen. Is cuid de thrí chrios fhiseagrafacha é. Sa chuid is faide soir ó thuaidh san oirthuaisceart síneann bunchnoic Hunsrück (Soonwald) isteach sa limistéar fíonsaothrúcháin. Baineann an chuid ó thuaidh le Nördliches Oberrheintiefland (ísealchríocha Réine Íochtaraí thuaidh), arb iad atá ann Unteres Nahehügelland agus Untere Naheebene (cnoic is ísle Nahe agus machaire íseal Nahe), agus baineann an chuid ó dheas le Saar-Nahe-Bergland (cnoic Saar-Nahe) in Nordpfälzer Bergland (Ardtailte Palzf Thuaidh). Imlíníocht gharbh ar gheolaíocht an réigiúin atá sa struchtúr fiseagrafach sin. Ar an meán tá an limistéar fíonghoirt suite thart ar 210 m os cionn leibhéal na farraige. Is ar fhánaí géara nó fánaí an-ghéar a dhéantar fíonsaothrú i limistéar Nahe.

Is ón tréimhse Dhéavónach na carraigeacha is sine sa limistéar. Áirítear leo sin sil-leagain mhuirí ársa chruaite (gaineamhchloch, slinn, grianchloichít) chomh maith le carraigeacha meiteamorfacha (siosta glas, fillít). Is iad carraigeacha Rotliegend, áfach, carraigeacha Rotliegend bolcánacha (laitít, aindéisít agus basalt) san áireamh, is mó ar fad atá ann. Fásann fíniúnacha ar shil-leagain threasacha chomh maith, gaineamh dobharaíocha agus cósta agus marlaí muirí san áireamh.

Is é an mheánteocht bhliantúil le linn an lae 9,3 °C agus is é 13,8 °C an mheánteocht le linn an tséasúir fáis. Bíonn meánfhrasaíocht bhliantúil 580 mm ann, agus titeann 60 % den fhrasaíocht le linn an tséasúir fáis.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Rialacha táirgthe

Creat dlíthiúil:

Arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil ina leith.

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

— Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun 'Nahegauer Landwein' a tháirgeadh ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 9 den doiciméad aonair agus ó na cineálacha fíonchaor a údaraítear faoi phointe 8 den doiciméad aonair.

— Ní fhéadfaidh méid iarmharach siúcra fíona arna mhargú mar 'Landwein' an t-uasluach incheadaithe a shárú don tásc 'leath-thirim'.

— Ní fhéadtar ach ainmneacha iarbhír a úsáid ar lipéadú tháirgí 'Nahegauer Landwein' TGFC a chuirtear ar an margadh agus tásc ar an gcineál fíniúna leis. Ceadaítear cumasc le tréithchineálacha nua. I gcás ina ndéantar táirge as fíonchaora ó thréithchineálacha nua go heisiach, ní mór é a mhargú gan an cineál fíniúna a shonrú ar an lipéad.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein